

Achoimre feidhmiúcháin ar Thuarascáil bhliantúil 2025

Ba bhliain í 2025 ina raibh ar ÚBE aghaidh a thabhairt ar mhaolú dálaí airgeadais, ar theannas geopholaitiúil leanúnach, agus ar athrú teicneolaíochta a bhí borradh faoi. I gcomhthéacs an mhéid sin, chuir ÚBE simpliú i gcroílár a chláir oibre – cuir i gcás ach rialacha, tuairisciú, úsáid sonraí agus phróisis inmheánacha a shruthlíniú – agus, ag an am céanna, trína phríomhfhócas ar cheapadh rialacha a aistriú go maoirseacht agus faireachas níos praiticiúla, go háirithe faoi chreataí nua an Ghnímh um Athléimneacht Dhigiteach Oibríochtúil (DORA) agus an Rialacháin maidir le Margaí Cripteashócmhainní (MiCA).

Bhí bainc i mBallstáit den Aontas agus sa Limistéir Eorpach Eacnamaíoch fós athléimneach i rith na bliana. Thacaigh fachtóirí eile amhail staideanna láidre caipitil agus leachtachta, brabúsacht láidir, agus cobhsú margaí saothair agus réadmhaoine, le cáilíocht fhoriomlán sócmhainní. Le tástáil struis uile-Aontais a tugadh i gcrích in 2025 deimhníodh go gcoinneodh bainc cóimheasa caipitil os cionn na n-íoscheanglas, fiú i gcás díobhálach tromchúiseach. An tráth céanna, tharraing ÚBE aird ar leochaileachtaí leanúnacha, cuir i gcás brúnna réadmhaoine tráchtála, rioscaí geopholaitiúla, agus cibearbhagairtí atá ag dul in olcas mar gheall ar dhigitíú tapa seirbhísí airgeadais maille le spleáchas méadaithe ar sholáthraithe criticiúla tríú páirtí.

Rinneadh an-dul chun cinn maidir le leabhar rialacha aonair an Aontais a shimpliú agus a neartú chun tacú le hiarrachtaí uile-Aontais i dtaca le simpliú. Ag tógáil ar a Thuarascáil ar Éifeachtúlacht an Chreata Rialála agus Maoirseachta, chuir ÚBE príomhghnéithe de phacáiste Basel III ar fáil, lean sé den obair ar riosca creidmheasa, riosca margaidh agus riosca oibríochtúil, agus rinne sé athchalabhrú ar amlínte um nochtuithe rioscaí comhshaoil, sóisialta agus rialachais (CSR). Rinneadh comhréireacht a bheachtú tuilleadh – rud lenar maolaíodh na ceanglais d’institiúidí neamhchasta níos lú agus lenar coigeartaíodh an phleanáil i roinnt réimsí chun forbairtí reachtacha agus an clár oibre um simpliú a léiriú. Lean ÚBE freisin de thacú le lucht ceaptha beartas maidir le creataí atá ar na bacáin, lena n-áirítear an Dara Treoir maidir le Seirbhísí Íocaíochta agus an Rialachán maidir le Seirbhísí Íocaíochta (athbhreithnithe), an Rialachán maidir le Taisclanna Lárnacha Urrús, agus an Pacáiste Urrúsúcháin – rud lena n-áiríthítear go bhfuil táirgí rialála comhleanúnach, éifeachtach agus praiticiúil fós.

Rinneadh dul chun cinn suntasach i gcaitheamh na bliana maidir le nuachóiriú bhonneagar sonraí an Aontais. Le seoladh an mhoil sonraí faoi Cholún 3, rinneadh nochtuithe stuamachta do na céadta bainc a lárú, agus feabhsaíodh dá bharr an trédhearcacht do mhaoirseoirí, do mhargaí agus don phobal araon. Idir an dá linn, leis an tairseach sonraí Eorpach leathnaíodh tacair sonraí chomhroinnte agus uirlisí anailíseacha – rud lenar neartaíodh fosta straitéis níos leithne ÚBE i dtaca le sonraí. Rinne ÚBE forbairtí ar anailísíocht CSR freisin trína chéad deais riosca CSR a fhoilsiú, agus trí dhul chun cinn a dhéanamh i dtreo tástáil struis aeráide rialta a fhorbairt – rud lena n-áiríthítear go bhfuil rioscaí a bhaineann leis an aeráid agus rioscaí comhshaoil leabaithe in ionchais mhaoirseachta.

Le DORA agus MiCA, bronnadh go cinntitheach ról maoirseachta nua ar ÚBE. Agus caighdeán theicniúla uile DORA agus MiCA bainte amach go tráthúil, bhunaigh ÚBE agus na hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha (ÚMEnna) eile struchtúir rialachais, modheolaíochtaí, córais

teicneolaíochta faisnéise (TF) agus creataí comhpháirteacha scrúdúcháin le haghaidh athléimneacht dhigiteach oibríochtúil agus maoirseacht cripteashócmhainní. Ainmníodh naoi gcinn déag de sholáthraithe criticiúla tríú páirtí teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide (TFC) faoi DORA – rud lenar spreagadh tionscnamh gníomhaíochtaí maoirseachta leanúnaí, agus lenar neartaíodh cumas an Aontais monatóireacht a dhéanamh ar rioscaí sistéamacha TFC agus iad a mhaolú. Faoi MiCA, chuir ÚBE bailchríoch ar nósanna imeachta maoirseachta d’eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha agus ríomh-airgid suntasacha, d’fhorbair sé acmhainneacht mhaoirseachta, agus d’ullmhaigh sé na húdaráis náisiúnta le haghaidh cur chuige maoirseachta níos comhchuibhithe a ghlacadh de réir mar a thiocfaidh criptea-mhargáí chun cinn.

Nearthaigh ÚBE cosaint tomhaltóirí freisin, agus thacaigh sé le haistriú thar ceann an Aontais chuig cur ar bun an Údaráis um Chomhrac an Sciúrtha Airgid (AMLA). Chuir sé an Rialachán maidir le hÍocaíochtaí Meandracha chun feidhme, d’fhoilsigh sé a thuarascáil ar threochtaí tomhaltóirí, agus sheol sé feachtais feasachta chomhordaithe maidir le calaois cripteashócmhainní agus airgeadais dhigitigh – rud lena léirítear tiomantas méadaitheach d’oideachas tomhaltóirí agus d’fhormhaoirseacht a chur i gcrích.

Ar deireadh, chuir ÚBE doimhneacht faoi chóineasú maoirseachta ar fud na mBallstát trí athbhreithnithe piaraí, trí thosaíochtaí maoirseachta, trí chleachtaí tagarmharcála, trí oiliúint mhaoirseachta, agus trí chomhar feabhsaithe le comhpháirtithe AE agus idirnáisiúnta araon. Thacaigh na hiarrachtaí sin le torthaí comhsheasmhacha na maoirseachta, agus threisigh siad seasamh an Aontais sa phlé domhanda maidir le rialáil airgeadais.